Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2023
Scoileanna Caitliceacha: Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile

Scoileanna Caitliceacha:

Ag Siúl go Muiníneach Grámhar le Chéile

22 EANÁIR–29 EANÁIR 2023

RANG 3 & RANG 4/P5 & P6

An Creideamh Críostaí	An Mhoráltacht Chríostaí
Rúndiamhair Dé • Glaonn Dia orainn agus tugaimid freagairt (glao). • Cuireann Críostaithe an creideamh i nDia i ngníomh trí urnaí agus freastal a dhéanamh (creideamh beo/fianaise). • Cuireann an tAthair an Spiorad Naomh chugainn le cabhrú linn maireachtáil ar nós Íosa • Tugann an creideamh dúshlán na gCríostaithe obair ar son ríocht Dé (*CCC* 542). **Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta** • Iarrtar ar chlann Dé ar fad é a adhradh agus freastal a dhéanamh ar an bpobal, mar a rinne Íosa é. **Rúndiamhair an Spioraid Naoimh** • Ar lá na Cincíse, tháinig an Spiorad Naomh ar na haspail le fanacht leo go deo (Gníomh 2:1-13; AG 4). • An Chincís agus tíolacadh an Spioraid Naoimh, sin bunú na hEaglaise (*CCC* 732). • Chuir an tAthair agus an Mac, an Spiorad Naomh chugainn le cabhrú linn maireachtáil ar nós Dé (*CCC* 682-747). • Tugann an Spiorad treoir agus aire don Eaglais (*GS* 11; LG 4; *CCC* 739, 747). • Fanfaidh an Spiorad Naomh linn go deo (*CCC* 729). • Cabhraíonn an Spiorad Naomh leis na Críostaithe an soiscéal a scaipeadh ar iliomad bealaí. **An Cruthú** • Chruthaigh Dia an domhan is a bhfuil ann trína bhriathar féin, as neamhní (Eoin 1:1-3; Col 1:16-17; 2 Mac 7:28; CCC 290-91, 296). • Bhí an oiread sin grá ag Dia gur chruthaigh sé an domhan lena shaol is a ghrá a roinnt linn (Eif 1:5-6; CCC 279-95). • Coimeádann Dia an uile rud atá ann (DV 1; CCC 301, 320). • Nithe spioradálta iad na haingil. Molann siad Dia gan staonadh, cabhraíonn siad le slánú nithe eile trí phlean Dé (CCC 350).	**An Scrioptúr Naofa** • Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le briathar Dé, é a thuiscint, agus freagairt a thabhairt air. • An Chincís (CCC 731-41). • Gníomh 2:1-13, An Chincís.

Liotúirge & Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
An Bhliain Liotúirgeach • An Chincís: an saol úr sa Spiorad Naomh a cheiliúradh chomh maith le breithlá na hEaglaise	**An Dínit Dhaonna** • Bronnann Dia tíolacthaí agus tallanna orainn lena n-úsáid ar son a ghlóire féin, le cabhrú lenár ndul chun cinn féin, le cabhrú le daoine eile agus leis an gcomhshaol a chaomhnú. • Nuair a bhainimid úsáid as na tallanna a bhronn Dia orainn, fásaimid in íomhá Dé (Gein 2:27). **Láithreacht & Cabhair Ghrástúil Dé** • Bronnann an Spiorad Naomh an neart orainn Dia agus an duine eile a ghrá • Is é an riail órga ná 'Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh (Matha 7:12; Lúcás 6:31; CCC 1970). **Saoirse an Duine & Freagracht** • Nuair a thugaimid freagairt ar ghrá Dé, bímid níos cosúla leis: grámhar, comhbhách, trócaireach. **Teagasc Sóisialta na hEaglaise** • Thuig Íosa luach agus tíolacadh chách. Iarrtar mar sin ar gach Críostaí grá a léiriú do chách, gan eisceacht (CCC 1825)

An Luan – Ag Siúl go Muiníneach le Chéile

'Deir Íosa leo, "Mise arán na beatha; an té a thagann chugamsa ní bheidh ocras air choíche, agus an té a chreideann ionamsa ní bheidh tart air choíche."

(Eoin 6:35)

Cad is brí le Cincís?
Seo an lá ar thuirling an Spiorad Naomh ar na haspail. Chuir Íosa in iúl do Mhuire agus do na haspail go dtiocfadh an Spiorad Naomh ina measc le cabhair agus treoir a thabhairt dóibh.

Cathain a Tharlaíonn an Chincís?
Tarlaíonn an Chincís caoga lá i ndiaidh na Cásca. Is í an lá deireanach i séasúr na Cásca í. Smaoinímid ar an gCincís a bheith mar lá breithe na hEaglaise, toisc gur seo an lá ar thuirling an Spiorad Naomh ar na haspail, lena líonadh leis na tíolacthaí a bheadh uathu leis an Eaglais a threorú i gceart. Is iad seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh ná:

- Eagna
- Tuiscint
- Breithiúnas Cóir
- Misneach
- Eolas
- Cráifeacht
- Iontas agus Eagla i Láthair Dé.

Beidh tuilleadh le foghlaim faoi na tíolacthaí seo nuair a bhímid ag ullmhú don Chóineartú i rang a cúig nó a sé/P7.

Sular tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail, bhíodar go faiteach i bhfolach faoi ghlas. Bhí eagla orthu toisc nach raibh Íosa ina measc a thuilleadh. I scéal na Cincíse tagann an Spiorad Naomh mar ghaoth mhór, agus mar lasair a thagann anuas ar na haspail indibhidiúla.

Cén fáth go mbíonn An Chincís á léiriú mar lasair?
Baintear úsáid as siombailí uaireanta, le cur síos ar nithe atá deacair le míniú. Deirtear sa Bhíobla gur bronnadh na seacht dtíolacthaí ar na haspail mar lasracha: 'Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu.' (Gníomhartha 2:3).

Níor dhóigh an tine na haspail. Nuair a bronnadh tíolacthaí an Spioraid Naoimh orthu, d'imigh an eagla de na haspail. Chuaigh siad amach i measc an tslua ag seanmóireacht agus ag múineadh faoi ghrá Dé dúinn.

Gníomhaíocht:
Don ghníomhaíocht seo is féidir balún cruinn neamh-theannta an duine a bhronnadh ar na daltaí, nó úsáid a bhaint as balún cruinn neamh-theannta amháin. Caithfear a rá leis na daltaí, má bhíonn balún an duine acu, fanacht ar threoir maidir leis an mbealach oibre.

Treoracha:
Mar a fheiceann sibh, bainfear úsáid as balún inniu. Bíonn ábhar spóirt sa bhalún. Ar imir sibh cluiche riamh ina ndéantar iarracht gan ligean don bhalún teagmháil a dhéanamh leis an talamh ar feadh achair áirithe? Baineann an-spórt leis an gcluiche sin.

Breathnaigh ar an mbalún atá i mo láimh agam. Measaim gur balún an-deas atá ann. Tá dath deas air, agus de réir mar a fheicim dhéanfadh sé cruth maith cruinn. Tá rud éigin de dhíth ar an mbalún áfach. An féidir le duine ar bith a rá liom cad atá in easnamh anseo? (Sos le freagra a fháil.) Tá an ceart agat. Caithfear é a líonadh le haer. Sula mbíonn sé in oiriúint don fháth is dual dó, caithfidh duine éigin anáil na beatha a chur isteach ann.

Is féidir fíorais áirithe faoin Eaglais a fhoghlaim le cabhair an bhalúin. Chualamar scéal na Cincíse inniu. Ba é sin an uair a chuir Dia an Spiorad Naomh chugainn le hanáil na beatha a chur san Eaglais, ionas go bhféadfadh sí ríocht Dé a chur chun cinn. (Teann an balún beagán, stop ansin.) Sular chuir Dia an Spiorad anuas uirthi, bhí an Eaglais gan anam – ar nós an bhalúin. Ní raibh an soiscéal faoi Íosa á scaipeadh ar chor ar bith. Nuair a chuir an Spiorad Naomh anáil na beatha san eaglais, scaipeadar scéal Íosa i measc an phobail. (Teann an balún beagán níos mó, stop ansin.) Ba chuma cén teanga a bhí á labhairt acu. (Teann an balún beagán níos mó, stop ansin.) Thuig gach duine a chuala an scéal faoi Íosa uathu, gach rud a bhí á rá acu. Chuaigh na mílte san Eaglais. (Teann an balún beagán níos mó, stop ansin.) Cuireadh anam san Eaglais. (Teann an balún suas go hiomlán agus ceangail an barr.)

Cuir anáil sa bhalún, agus cuimhnigh air, díreach cosúil leis an aer atá de dhíth ar an mbalún lena ghnó a chomhlíonadh, tá gá againne le go líonfadh grásta an Spioraid Naoimh muid ionas gur féidir linn plean Dé dúinn a chur i gcrích. (Lig do na páistí na balúin a theannadh. Cabhraigh leo iad a cheangail.)

Gníomhaíocht 2:
Iarr ar na daltaí bealaí inar féidir leo feidhmiú de réir thoil Dé a scríobh nó a tharraingt ar na balúin sa bhileog oibre thíos: (cineáltas, maithiúnas, cabhrú, aire, flaithiúlacht, 7rl.). Caith cúpla nóiméad ag ransú ar smaointe nó ar fhocail a bheadh oiriúnach le cur sna balúin.

Urnaí:
Gabhaimid buíochas le Dia as an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn.
Gabhaimid buíochas leis an Spiorad Naomh as anáil na beatha a chur san Eaglais.
Gabhaimid buíochas le Dia as an Spiorad Naomh a chur chugainn le hanáil na beatha a chur ionainn, ionas go bhféadfaimis plean Dé dúinn a leanúint.
Deonaigh go n-aithneoidh mé tíolacthaí an Spioraid ionam, agus maireachtáil de réir theagasc Íosa. Amen.

> 'A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile, mar gur ó Dhia a tháinig an grá, agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia mar is é Dia an Grá.'
>
> (1 Eoin 4:7-8)

Líon le do ghrásta muid, a Spioraid Naoimh, ionas gur féidir linn maireachtáil ar nós Chríost

Ainm:

An Mháirt – Ag Siúl go Grámhar le Chéile

Smaoinigh:
Cuirtear síos sa Bhíobla ar ghrá Dé a bheith foighneach, lách, cneasta, trócaireach, gan teorainn, síoraí. Má theastaíonn uainn grá Dé a roinnt agus a léiriú, caithfear an grá a thaispeáint fiú mura mbíonn sé tuillte ag an duine eile, fiú má bhíonn sé gan chúiteamh. Léirigh Dia a chuid grá dúinn ar bhealaí dochreidte, agus leanann i gcónaí á léiriú. Deir an Bíobla gurbh é Dia an grá. Bainimid ar fad le ríocht ghrá Dé.

Pléigh:
Conas mar a mhothófá dá mbeadh duine ag déanamh fonóide fút? Cad a dhéanfá? Ar mhaith leat a bheith ag fonóid uime freisin?
Conas mar a mhothófá dá dtiocfadh duine do do mholadh go hairde spéire? Arbh fhearr a leithéid a chloisteáil?

Má bhíonn daoine gránna i do taoibhse, tú a bhualadh nó caitheamh anuas ort, an mbíonn an fonn ort a bheith gránna chomh maith ina dtaobh siúd? Nuair a bhíonn daoine go deas leatsa, an mbíonn an fonn ort a bheith mar an gcéanna leosan?

An mbíonn sé níos fusa déileáil go deas le duine a bhíonn go deas leatsa? An mbíonn sé níos fusa a bheith go deas le cairde agus le gaolta? Conas san? Mhúin Íosa dúinn go ndeir Dia go gcaithfear a bheith deas leis an uile dhuine, leis na daoine gránna chomh maith le cách.

Iarr ar an rang suí i gciorcal, agus aghaidh a thabhairt ar a chéile. Tá an rang ar fad chun cleachtadh a dhéanamh maidir le déileáil leis an duine eile de réir mar ba mhaith linn go ndéileálfaí linn féin. Pioctar dalta amháin agus iarrtar ar an gcuid eile (an t-oide ina measc) rud amháin deas a rá faoin duine sin. Nuair a bhíonn ráite ag cách, téitear ar aghaidh go dtí an chéad duine eile, agus leantar an nós go dtí go mbíonn deis ag cách na rudaí deasa a chloisteáil. Iarr orthu ag an deireadh conas mar a mhothaíodar nuair a chuala siad na rudaí deasa á rá fúthu féin.

Gníomhaíocht:
Don ghníomhaíocht seo tabhair teimpléad an chroí, pláta páipéir agus gliú don uile dhuine.

Labhair faoi na hócáidí ina mbíonn sé deacair an grá a léiriú, m.sh. go mbíonn sé deacair duine áirithe a thabhairt isteach sa chluiche nó sa chomhrá toisc nach réitíonn sibh lena chéile i gcónaí. Meabhraigh don rang go n-iarrann Íosa orainn bealach a aimsiú le grá a léiriú don duine atá éagsúil, gur deacair iad a ghrá.

Pléigh leis an rang na bealaí ina bhféadfaimis grá Dé a léiriú i leith na ndaoine ar fad a bhuaileann linn. Iarr orthu na bealaí ina léirítear grá Dé don duine eile a scríobh nó a tharraingt ar na teimpléid. Is féidir na croíthe a ghearradh amach agus a ghreamú ar chairt ollmhór le cur ar taispeáint i spás beannaithe an tseomra ranga le meabhrú dúinn gur gá grá Dé a léiriú don uile dhuine a bhíonn i dteagmháil linn.

Guígí lena chéile:
Cabhraigh liom grá Dé a léiriú trí bheith ag éisteacht.
Cabhraigh liom grá Dé a léiriú trí bheith fial.
Cabhraigh liom grá Dé a léiriú trí dhaoine eile a spreagadh.
Cabhraigh liom grá Dé a léiriú trí ghníomhartha carthanachta.
Cabhraigh liom grá Dé a léiriú trí urnaí a dhéanamh ar son chách.
Cabhraigh liom a thuiscint gur féidir liom grá Dé a léiriú do chách a bhuaileann liom.
Go raibh maith agat a Dhia as an ngrá ollmhór a thugann tú dúinn. Amen.

An Chéadaoin – Ag Siúl le Ceiliúradh a Dhéanamh (Lá na Seantuismitheoirí)

Smaoinigh:
Táimid ag foghlaim i rith na seachtaine seo maidir leis an scoil Chaitliceach a bheith mar phobal eisceachtúil, a chuireann an grá a léirigh Íosa ina shaol, agus a mhúin sé dúinn chomh maith, i ngníomh inár saol scoile. Baineann na seantuismitheoirí le pobal an teaghlaigh. Déanann an scoil iad a chomóradh agus a cheiliúradh inniu, as an ról atá acu maidir leis an gcreideamh a thabhairt ar aghaidh chuig na garpháistí, agus as an tacaíocht a thugann siad don phobal creidimh sa bhaile agus sa pharóiste. Cuireann siad lúcháir ar shaol na ngarpháistí agus tugann siad léargas praiticiúil dúinn ar phobal an ghrá i ngníomh.

Pléigh:
Is tíolacadh ó Dhia inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire dúinn agus muid ag fás aníos, agus is múinteoirí ríthábhachtacha iad inár saol. Tá go leor taithí acu ar an saol, agus ar na hathruithe a tharla le blianta anuas, cuid acu dearfach, cuid acu diúltach.

Iarr ar na páistí: Cad iad na rudaí a d'fhoghlaim sibh ó na seantuismitheoirí? Tabhair noda dóibh: aire, flaithiúlacht, creideamh, grá, urnaí, 7rl, le cabhrú leo cur síos ar eispéireas agus ar an taithí a bhí acu leis na seantuismitheoirí.

Labhair faoi na bealaí ina léiríonn na seantuismitheoirí a gcuid grá dúinn agus faoi na bealaí inar féidir linne grá agus aire a thabhairt do na seantuismitheoirí.

Gníomhaíocht:
Nóta: Bíodh na hoidí discréideach maidir leis na cúrsaí seo má tharlaíonn gur chaill dalta seantuismitheoir le déanaí, nó sa chás nach mbíonn teagmháil ag daoine áirithe leis na seantuismitheoirí ar chor ar bith. Is féidir le rang ar bith tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo leanas, ag leibhéal atá oiriúnach don rang.

Portráid: Mise agus mo Sheanmháthair/Sheanathair
Spreag na daltaí le portráid a dhéanamh agus a dhathú a léiríonn iad i dteannta an tseantuismitheora/na seantuismitheoirí, ag am deas ina saol.

Cárta Buíochais
Spreag na daltaí le cárta buíochais a dhéanamh do na seantuismitheoirí, a dhíríonn ar an tionchar dearfach a bhíonn acu i saol na n-óg. Bronn an cárta ar na seandaoine, agus mura mbíonn siad ina gcónaí i ngiorracht do na daoine óga, seol tríd an bpost chucu é.

Cuimhne Speisialta
Spreag na daoine óga le smaoineamh ar an uair a roinneadar taithí speisialta leis na seantuismitheoirí. Iarr orthu cur síos a scríobh faoin gcuimhne, ionas gur féidir é a roinnt leis na seantuismitheoirí.

Urnaí
Scríobh paidir a ghabhann buíochas as na seantuismitheoirí.

Tionscadal
Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh faoi shaol sheantuismitheoirí, trí agallamh a chur orthu, más féidir. Mura mbíonn deis acu labhairt go díreach leo, d'fhéadfaí agallamh a chur ar thuismitheoirí nó ar ghaolta eile, maidir leis an saol a bhí ag an seantuismitheoir. Bheadh sé cabhrach dá bhféadfaí teacht ar ghrianghraif a léiríonn óige an duine, nó an pósadh, nó na daoine óga ina dteannta. D'fhéadfaí póstaer a chruthú a dhéanfadh ceiliúradh ar an ionchur uathúil a bhíonn ag an seantuismitheoir i saol na ndaltaí agus i saol an teaghlaigh.

An Déardaoin – Ag Siúl le Chéile le Claochlú a Chur ar Domhan

'Ní muintir scoite ón nádúr muid, ní áit chónaithe amháin dúinn an nádúr. Is cuid bhunúsach den nádúr féin muid, bíonn idirghníomhú leanúnach eadrainn.'

(***Laudato Si'***, 139)

Smaoinigh:
Bíonn imeachtaí domhanda le sonrú in aghaidh an lae, a luaitear a bheith mar ábhar a chuireann leis an ngéarchéim athrú aeráide.

Gintear raidhse iarmhais ábharach agus dramhaíl ar domhan. Tuigimid anois gur rud leochaileach é an comhshaol, agus go gcaithfimid freagairt chóir chomhchuí a thabhairt ar ghéarchéim na timpeallachta.

Baineann tábhacht níos mó ná riamh leis go gcothóimis an dearcadh gur rud luachmhar ar fad é an cruthú, agus go gcaithfear aire cheart a thabhairt dó. Ba cheart go mbeadh deis ag na páistí machnamh a dhéanamh agus smaoineamh ar an athrú aeráide mar cheist áitiúil, chomh maith le ceist dhomhanda.

Bíonn ról ag an uile dhuine againn maidir leis an domhan, an bronntanas a thug Dia dúinn, a chosaint. Meabhraíonn an Pápa Proinsias dúinn go bhfuil an fhreagracht orainne go pearsanta, aire cheart a thabhairt don domhan, don áit chónaithe coiteann.

Pléigh:
Pléigh leis an rang an obair a dhéanann sibh le haire a thabhairt don domhan mórthimpeall oraibh. Más féidir libh, téigí ag siúl i gclós na scoile, sa pháirc phoiblí áitiúil, nó in áit shlán ar bith eile.

Mínigh don rang sula dtéann sibh amach gur shiúlóid féach-agus-éist a bheidh ann, beidh ciúnas iomlán á lorg uathu ionas go mbeidh ar bhur gcumas an méid radharc agus fuaimeanna agus is féidir, a aithint. Abair leo éisteacht leis na fuaimeanna éagsúla atá le cloisteáil, agus a bheith ag faire amach do bhruscar nó do thruailliú ar bith. Ní gá níos mó ná cúig nóiméad a chaitheamh ar an tsiúlóid.

Nuair a fhilleann siad ar an seomra ranga iarr orthu liosta a dhéanamh de na rudaí a bhí le cloisteáil agus le feiceáil. Déan glór an nádúir a aithint, agus na fuaimeanna a rinne an pobal chomh maith. Bí ag caint faoi áilleacht an nádúir agus faoin truailliú ar chruthaigh daoine áirithe é.

Pléigh leis an rang an rud a cheapann Dia faoi na daoine a loiteann an domhan álainn a chruthaigh sé trí thruailliú a dhéanamh nó bruscar a scaipeadh. Pléigh leis an rang an tuiscint atá acu maidir leis an 'athrú aeráide'. An bhfuil daoine áirithe ag fulaingt níos mó ná daoine eile de bharr an athraithe aeráide? Is féidir samplaí a thabhairt don rang más gá.

Mínigh don rang go mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar phobal iomlán na cruinne, ach go ngoilleann sé ar aicmí áirithe níos mó ná ar aicmí eile. Bíonn an tionchar is measa ar dhaoine bochta atá faoi chois cheana féin, nach féidir leo déileáil leis an drochthionchar.

De bharr na dtarluithe adhaimsire atá níos minice agus níos fíochmhaire ná riamh, spéirlingí, falscaí, triomach, bíonn beatha na mbocht i mbaol in áiteanna, díbrítear ó bhaile iad, cuirtear foinsí bia agus slite beatha i mbaol. Dá bharr san, tagann fás ar mhinicíocht na bochtaineachta, na coinbhleachta, an ocrais.

Gníomhaíocht:
Glan suas!
Roinn an rang i dtrí ghrúpaí. Déanann grúpaí 1 agus 2 ciorcal mór, agus tugtar leathanach nuachtáin an duine dóibh. Tugtar mála an duine do bhaill ghrúpa a trí agus téann siad ar a nglúine i lár an chiorcail.

Tosaíonn an cluiche le grúpaí 1 agus 2 ag sracadh na nuachtán i stiallacha beaga agus á gcaitheamh isteach sa chiorcal. Déanann grúpa a trí iarracht na píosaí páipéir a ghlanadh suas agus a chur isteach sna málaí. Leanann an cluiche ar feadh bomaite. Nuair a stopann an cluiche cabhraíonn gach duine leis an urlár a ghlanadh agus na páipéir a athchúrsáil.

Suíonn siad ansin leis an taithí a phlé trí na seo ceisteanna a fhreagairt:

1. Ar bhain cách taitneamh as an ngníomhaíocht? Cén fáth go raibh an ghníomhaíocht níos deacra do ghrúpa amháin ná do na daoine eile? Cad a rinneadh leis an bpáipéar ag an deireadh? Cén fáth?
2. An bhfuil an cluiche seo ar nós rudaí a tharlaíonn ar domhan? Conas san? An mbíonn níos mó dramhaíola in áiteanna áirithe ar domhan seachas in áiteanna eile?

Mínigh an téarma 'breosla iontaise', lena mbaineann peitriliam (ola), gual agus gás nádúrtha. Bíonn go leor d'innill na linne seo ag brath ar fhuinneamh, le hiad a rith. Déan ransú smaointe faoi na saghsanna inneall seo (carr, bus, gluaisrothar, eitleán). Tagann 90% den fhuinneamh seo ó na breoslaí iontaise a dhó. Cuireann sé seo leis an athrú aeráide. Iarr ar na daltaí a mhalairt d'fhoinsí fuinnimh a lua, rudaí nach ndéanann an méid céanna dochair don timpeallacht – carranna leictreacha, tuirbíní gaoithe.

Gníomhaíocht 2:
Ba mhaith le Dia go dtabharfaimis aire don domhan a chruthaigh sé. Déan ransú smaointe maidir leis na bealaí ina bhféadfadh na daltaí féin, a leithéid a dhéanamh. Cad a dhéanfaimis le cúram a dhéanamh den domhan? Is féidir na smaointe a cheangal le tionscnaíocht chomhshaol a bheadh ar siúl ar scoil cheana féin, m.sh. Scoileanna Glasa, nó Mórtas Dúiche.

Iarr orthu bileog oibre an cheachta seo a chomhlíonadh. Scríobh nó tarraing na bealaí ina dtabharfaimis aire don domhan in aice le pictiúr na cruinne.

Is féidir liom aire a thabhairt don domhan a chruthaigh Dia:

Urnaí

Go raibh maith agat a Dhia as an domhan, as iontais na cruinne ar chruthaigh tú. Deonaigh go mbeidh ionadh agus alltacht orainn faoin áilleacht a bhaineann leis.
Cabhraigh linn aire a thabhairt don domhan.
Cabhraigh leis na daoine a fhulaingíonn de bharr an athraithe aeráide, agus meabhraigh dúinn go mbíonn an fhreagracht orainne an domhan, an áit chónaithe coiteann, a chosaint.
Amen.

An Aoine – Ag Siúl go Dóchasach le Chéile

'Go ndéana Dia an dóchais sibh a líonadh den áthas agus den tsíocháin sa chreideamh ar shlí go mbeidh raidhse den dóchas agaibh trí chumhacht an Spioraid Naoimh.'

(Rómh 15:13)

Smaoinigh:
Cad é an misean saoil atá againn? Cad ba mhaith linn a chur i gcrích? Iarrann an Pápa Proinsias ar phobal Dé, éist le glór an Spioraid Naoimh san Eaglais inniu, agus muid ag smaoineamh ar an todhchaí. Ba mhaith leis go mbeimis ag éisteacht le taithí agus le mianta chorp iomlán Chríost, agus leis na baill óga chomh maith le cách. Níor chuir Íosa an t-aos óg uaidh, ach d'iarr sé orthu teacht suas in aice leis.

Pléigh:
Ar an Luan d'fhoghlaimíomar faoin Spiorad Naomh a bheith ag cabhrú linn maireachtáil ar nós Chríost. Inniu beimid ag díriú ar an méid a lorgaíonn an Spiorad uainn.

Cé hiad na daoine inár saol a thugann tacaíocht agus a chabhraíonn linn ar an aistear creidimh?
An dóigh leat gur mhaith le Dia go mbeimis ag cabhrú le daoine eile? Pléigh na bealaí inar féidir linn cabhair agus aire a thabhairt do dhaoine gátaracha, leis an rang.

Conas mar a bhíonn a fhios agat go bhfuil duine áirithe ag éisteacht leat? Conas mar a bhíonn a fhios agat nach bhfuil duine áirithe ag éisteacht leat? Conas mar a mhothaíonn sé duine áirithe bheith ag éisteacht leat? Conas mar a mhothaíonn sé nuair nach mbíonn duine áirithe ag éisteacht leat?

Cad é an bealach is fearr leat le dul i gcumarsáid le daoine (m.sh. téacs, fón, go pearsanta)? Cad é an bealach is fearr le dul i gcumarsáid le daoine nuair a bhíonn ábhar tromchúiseach le plé agaibh? Cén fáth go gceapann tú go mbíonn sé deacair éisteacht le daoine eile, ar uairibh? Conas is féidir leatsa a bheith mar éisteoir níos fearr ná mar atá tú?

Cé hiad na daoine a thabharfaidh éisteacht duit i gcónaí? Tuismitheoirí? Múinteoirí? Cairde? Dia? Cén cumarsáid a bhíonn againn le Dia? Urnaí? Iomainn? Comhrá?

Pléigh na rudaí is fearr leo faoi Dhia agus faoin Eaglais leis na daltaí. Cé atá freagrach as an Eaglais?
An mbaineann freagracht as an Eaglais leatsa? Cad é an rud is ansa leat faoin Eaglais? Cad é an rud is measa faoin Eaglais, dar leat? Conas mar a d'athrófá na rudaí nach dtaitníonn leat?
Cé hé an Pápa Proinsias?

Fíorais mar gheall ar an bPápa Proinsias:
Toghadh an Pápa Proinsias ar an 13 Márta 2013. Is eisean an 266ú pápa na hEaglaise Caitlicí. Rinne sé staidéar ar an eolaíocht sa choláiste, agus bhí go leor post éagsúla aige sula ndearnadh sagart de. Tá trí theanga aige: Spáinnis, Iodáilis agus Gearmáinis. Roghnaigh sé an t-ainm Proinsias in ómós do Phroinsias Assisi toisc gur naomh umhal a bhí ann a bhí i gcónaí cineálta leis na bochtáin.

Gníomhaíocht:
Bunaithe ar phlé an ranga, ar na rudaí a thaitníonn, nó nach dtaitníonn leo faoin Eaglais, agus ar an mbealach ina gcuirfidís athruithe i bhfeidhm dá mbeadh an chumhacht acu, iarr ar na daltaí tuairisc a scríobh thíos faoin rud a dhéanfaidís dá mbeidís in áit an Phápa.

Dá mba mise an Pápa, cad a dhéanfainn?